Iontráil do chúrsa oideachais do bhunmhúinteoirí (2012-2013) do dhaoine a bhfuil céimeanna tríú leibhéil acu

1. Iontráil do chúrsa oideachais do bhunmhúinteoirí (2012-2013) do dhaoine a bhfuil céimeanna tríú leibhéil acu

Rithfear cúrsa lánaimseartha a thosnóidh go luath i 2012 agus a chríochnóidh i lár 2013 sna Coláistí Oideachais seo a leanas do bhunmhúinteoirí, d'fhonn deis oiliúna mar bhunmhúinteoirí a thabhairt do chéimithe tríú leibhéil:

1 Coláiste Oideachais Phádraig, Droim Conrach, BAC 9 [Dioplóma Iarchéime san Oideachas (Bunmhúinteoireacht) an t-ainm ar an gcúrsa] (courseinfo@spd.dcu.ie nó admissions.office@spd.dcu.ie).
2 Coláiste Mhuire gan Smál, An Cuarbhóthar Theas, Luimneach [Dioplóma Iarchéime san Oideachas (Bunmhúinteoireacht) an t-ainm ar an gcúrsa] (admissions@mic.ul.ie).
3 Coláiste Oideachais Froebel, Cnoc Síon, An Charraig Dhubh, Co. Átha Cliath [Ard Dioplóma san Oideachas (Bunmhúinteoireacht) an t-ainm ar an gcúrsa] (admissions@froebel.ie).
4 Coláiste Mhuire, Institiúid Oideachais Marino, Ascal Gríofa, BAC 9 [Ard Dioplóma san Oideachas (Bunmhúinteoireacht) an t-ainm ar an gcúrsa] (admissions@mie.ie).

Beidh líon teoranta ionad ar fáil ar na cúrsaí seo agus roghnófar na h-iarratasóirí a n-éireoidh leo trí chomórtas. Féadfar daoine a mbeidh an cúrsa seo críochnaithe acu a chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Rialachán 2 (Bunoideachas) agus beidh siad intofa dona gceapadh mar dhaoine atá cháilithe chun seirbhíse i mbunscoileanna na tíre.

2. Próiseas Iarratais

Tá foirmeacha iarratais don chúrsa seo le fáil ó gach aon cheann de na Coláistí atá liostáilte. Níl ach dhá lárionad ann i gcomhair próiseála na n-iarratas, áfach, Baile Áth Cliath agus Luimneach.

Is ceart foirmeacha iarratais chomhlánaithe a chur ar aghaidh chuig Coláiste Phádraig, Droim Conrach, i gcás na gcoláistí atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath, agus/nó chuig Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach i gcás an choláiste sin. Is ceart d'iarratasóirí an nós imeachta roghnúcháin atá sonraithe i rannán 4 thíos a nótáil chomh maith. Is é an sprioclá d'fhoirmeacha iarratais chomhlánaithe a fháil ná **5.00 p.m. ar an gCéadaoin, 21 Nollaig 2011.**

3. Coinníollacha Intofachta

Ní mór d'iarratasóirí na cáilíochtaí acadúla seo a leanas a bheith acu:

(a) Céim Bhaitsiléara le honóracha (dámhachtain mhór ag leibhéal 8 ar an gCreatlach Náisiúnta Cáilíochta) nó dámhachtain mhór ag Leibhéal 9 nó

dámhachtain mhór ag Leibhéal 10 ar an gCreatlach Náisiúnta Cáilíochta, agus

(b) ceann amháin de na tacair cáilíochtaí dara leibhéil seo a leanas:

(i) sa Scrúdú Ardteistiméireachta ó 1969 i leith: grád C3 nó os a chionn i nGaeilge Ardleibhéal; grád D3 nó os a chionn sa Mhatamaitic (Gnáthleibhéal nó Ardleibhéal); agus grád C3 nó os a chionn i mBéarla (Gnáthleibhéal) nó grád D nó os a chionn i mBéarla (Ardleibhéal));

(ii) (ii) sa Scrúdú Ardteistiméireachta roimh 1969, Onóracha sa Ghaeilge agus pasanna sa mBéarla agus sa Mhatamaitic; nó

(iii) insna Scrúduithe ag A Leibhéal an G.C.S.E. agus an G.C.E. i dTuaisceart Éireann: Grád C i nGaeilge ag A Leibhéal an G.C.E.; Grád C ag Leibhéal G.C.S.E. i mBéarla agus i Litríocht an Bhéarla, nó Grád B ag Leibhéal G.C.S.E. i gceachtar den dá ábhar seo; Grád D ag leibhéal G.C.S.E. i Matamaitic Bhreise, nó Grád A ag Leibhéal G.C.S.E. sa Mhatamaitic.

Ní mór d'iarratasóirí fianaise a chur ar fáil do na Coláistí Oideachais go bhfuil an chéim Bhaitsiléara le honóracha atá sealbhaithe acu suite mar dhámhachtain mhór ag leibhéal 8 ar an gCreatlach Náisiúnta Cáilíochta. Ní mór dóibh siúd a bhfuil cáilíocht mhór ag Leibhéal 9 nó cáilíocht mhór ag Leibhéal 10 sealbhaithe acu fianaise a chur ar fáil chomh maith faoi shuíomh na dámhachtana ar an gCreatlach. Is ceart é seo a chur in éineacht leis an bhfoirm iarratais chomhlánaithe.

Cáilíochtaí dara leibhéil eile atá inghlactha sa Ghaeilge, sa Bhéarla nó sa Mhatamaitic

Glacfar le Pas i scrúdú Ealaíon Céad Bliana sa Ghaeilge, sa Bhéarla nó sa Mhatamaitic in ionad an riachtanais Ardteistiméireachta/GCE/GCSE don ábhar lena mbaineann.

I gcás na Gaeilge glacfar chomh maith le Grád C sa Scrúdú Máithreánach (a bhí ann suas go 1992) in ionad an riachtanais Ardteistiméireachta/GCE/GCSE.
Ina theannta sin, glactar leis go sasaíonn an riachtanas ardteistiméireachta/GCE/GCSE.

- Dioplóma sa Ghaeilge ón Ollscoil na hNáisiúnta Má Nuad
- Dioplóma san Ealaíon (Ghaeilge Fheidhmeach) ón Ollscoil Náisiúnta Corcaí
- Dioplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach ón Ollscoil Náisiúnta BAC
- Dioplóma sa Ghaeilge, Leibhéal C1 ón Ollscoil Náisiúnta Gaillimh
- Dioplóma sa Ghaeilge (An Ghaeilge sa Saol Comhaimseartha), Ollscoil Luimnigh
- Dioplóma sa Ghaeilge ó Ollscoil Uladh
- Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG) ag Leibhéal B2, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad.

I gcás na Matamaitic, glacfar chomh maith le Pas san ábhar sin sa Scrúdú Máithreánach in ionad an riachtanais Ardteistiméireachta/GCSE.

4. An Próiseas Roghnúcháin

Beidh ar iarratasóirí intofa dul faoi Agallamh agus faoi Bhéaltriail Ghaeilge. Déanfar torthaí na dtrialacha seo a ghrádú agus leithdháilfear pointí mar seo a leanas:

Agallamh		Béaltriail	
A	100	A	40
A-	90	B	32
B	80	C	24
B-	70	D	16
C	60	E	Teip
C-	50	-	
D	40	-	
E	Teip	-	

Scriosfar as an gcomórtas iarratasóirí a ghnóthaíonn grád "teip" san Agallamh nó sa Bhéaltriail Ghaeilge. Rangófar iarratasóirí cáilithe in ord fiúntais de réir mar a chinnfidh torthaí an Agallaimh agus na Béaltrialach Gaeilge. Áit a ngnóthaíonn beirt iarratasóir nó níos mó ná sin an t-iomlán céanna de phointí, cinnfear ar a n-áit ar an ord fiúntais le roghnú randamach. Beidh dhá liosta ar leith d'ord fiúntais: liosta comónta amháin do Choláistí Bhaile Átha Cliath go léir agus liosta ar leith do Choláiste Mhuire gan Smál, Luimneach. Líonfaidh gach coláiste a ionaid trí thagairt don ord fiúntais ábhartha agus do roghnachais Choláiste na n-iarratasóirí a n-éireoidh leo.

Is í is aidhm don Agallamh ná oiriúnacht an iarratasóra do rannpháirtíocht i gcúrsa oideachais mar bhunmhúinteoir a fháil amach. Féadfaidh cuid den Agallamh a bheith i nGaeilge.

Cuimseoidh an Bhealtriail Ghaeilge:-

• comhrá ar ghnáththopaicí an lae agus ar leabhair a léigh an t-iarratasóir; agus

• sliocht oiriúnach próis nó filíochta a léamh go ceart, tuisceanach agus an t-ábhar a léadh a mhíniú.

Ba cheart d'iarratasóirí a nótáil go n-éilítear ardchaighdeán líofachta sa Bhéaltriail Ghaeilge agus ba chóir dóibh iad féin a ullmhú don triail dá réir sin. Cuirfidh an Lárionad cuí (Baile Átha Cliath agus/nó Luimneach) in iúl don iarratasóir dáta, am agus an láthair an Agallaimh agus na Béaltrialach Gaeilge agus ní mór dó/di freastal ar na trialacha seo ar a c (h) ostas féin. Is i mBaile Átha Cliath agus/nó i Luimneach a bheidh an láthair.

5. Eolas Ginearálta

Deontais Mac Léinn:

Beidh deontais ar fáil ó na húdaráis áitiúla do mhic léinn a shásaíonn riachtanais na Scéime Deontas Ardoideachais. Beidh sonraí mar gheall ar na

deontais le fáil ón údarás áitiúil sa limistéar ina bhfuil an t-iarratasóir ina c (h) ónaí de ghnáth.

Feidhmiúlacht chun Cleachtadh:
1. Seiceáil an Gharda: Sula bhféadfaidh Coláiste clárú mic léinn a chur i gcrích, éilítear ar gach ábhar múinteora ar theacht isteach dó/di dul faoi phróiseas sheiceáil an Gharda, chun a dheimhniú an bhfuil aon chiontuithe nó cúisimh choiriúla ar feitheamh ina (h) aghaidh. Áit a dheimhníonn an próiseas seo go bhfuil a leithéid ann, cuirtear an gnó ar aghaidh chuig Coiste Sheiceáil an Gharda laistigh den Choláiste agus socraíonn sé sin an bhfuil cead ag an mac léinn dul ar aghaidh lena c(h)lár staidéir.
2. Riachtanais Mhíochaine: Éilítear ar gach ábhar múinteora ar theacht isteach dó/di foirm eolais mhíochaine a chomhlánú, ag cur in iúl an bhfuil aon bhreoiteachtaí nó míchumais shuntasacha orthu a fhéadfadh dul chun dochair dá gcumas chun riachtanais an chúrsa a chomhlíonadh, san áireamh Cleachtadh Múinteoireachta. Measúnófar iontrálaithe, a admhaíonn riochtaí sláinte, míchumais nó riochtaí síceolaíocha, ar bhonn aonair chun a mheas an mbeadh ar a gcumas riachtanais an chláir a chur i gcrích le cúnamh comhréiteach réasúnta. Ní eisiafar daoine aonair ar an bhforas go bhfuil riocht nó míchumas áirithe orthu má mheastar gur dócha go mbeadh ar chumas an duine sin riachtanais an chúrsa a chomhlíonadh le cúnamh comhréitigh/comhréiteach réasúnta. Cuirfidh na Coláistí comhairle ar mhic léinn maidir leis na nósanna imeachta atá le comhlíonadh ina leith seo.

Inniúlacht i Labhairt na Gaeilge: Beidh ar gach múinteoir faoi oiliúint sna Coláistí Oideachais freastal ar chúrsa trí seachtaine sa Ghaeltacht ag deireadh na chéad bliana den chúrsa oideachas múinteoirí. Ba cheart d'iarratasóirí a nótáil gur cuid éigeantach den chúrsa é seo.

I gcaitheamh an chúrsa lánaimseartha oideachas múinteoirí seo, ní ceadaithe do rannpháirtithe gabháil le gnó ná le cúrsa staidéir ar bith eile gan cead a bhaith faighte acu ó Uachtarán an Choláiste roimh ré.

Tá tuilleadh eolais mar gheall ar an gcúrsa le fáil ón gColáiste a roghnaíonn an t-iarratasóir.

05 Nollaig 2011